# CAD IS FÉIDIR LIOM A DHÉANAMH MÁ BHÍ MÉ I M'ÍOSPARTACH DE CHOIR ? EACHTRA FUATHA?

**I gcás Éigeandála cuir glaoch ar 999/112 i gcónaí**

- Tuairiscigh Coireacht Fuath ag do Stáisiún Garda áitiúil. Tá eolaire iomlán Stáisiún na nGardaí ar fáil ar **www.garda.ie**
- Téigh i dteagmháil le líne Rúnda an Gharda Síochána ar: **1800 666 111**
- Úsáid Seirbhís Tuairiscithe an Gharda Síochána um Choireacht Fuatha Ar Líne ar **www.garda.ie**
- Tabhair cuairt ar **www.garda.ie** chun tuilleadh faisnéise a fháil ar:
- Coireanna / Eachtraí Fuatha
- Aimsigh do Gharda Éagsúlachta áitiúil ar **www.garda.ie**

#LETSSTOPHATETOGETHER

Arna pháirtchistiú as Ciste Slándála Inmheánach an AE Póilíní

ISF

**CUIR ISTEACH SONRAÍ DO STÁISIÚIN ÁITIÚIL THÍOS**

AINM AN STÁISIÚIN: ______________________

UIMHIR THEILEAFÓIN: ______________________

UIMH. THEILEAFÓIN NA PÓILÍNEACHTA POBAIL: ______________________

**GARDA ÉAGSÚLACHTA**

AINM: ______________________

UIMHIR THEILEAFÓIN: ______________________

**AN CEANNFORT**

AINM: ______________________

UIMHIR THEILEAFÓIN: ______________________

**Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Éagsúlacht agus Ionchuimsiú**

diversity@garda.ie

01-6663150

## An Garda Síochána

Daoine a Choinneáil Slán

# NÍ FHÉADTAR GLACADH LE COIREACHT FUATHA




## Tuairiscigh Coireacht Fuatha Anois

# CAD IS COIREACHT FUATHA ANN?

Tá Coireacht Fuath difriúil ó chineálacha eile coireachta toisc go ndéantar í i do choinne mar gheall ar cé thú féin. Is ionsaí pearsanta é ar rud éigin fút nach féidir leat a athrú nó nár cheart go mbeadh ort athrú, mar shampla do dhath, cine, reiligiún, inscne, claonadh gnéis, srl.
I measc na gcionta tá Ionsaí, Damáiste Coiriúil, Ciapadh agus Cionta Oird Phoiblí. Ba chóir duit Coir Fuatha a thuairisciú don Gharda Síochána.

## SAINMHÍNITHE

Tá sainmhínithe ag an nGarda Síochána maidir le Coireacht Fuatha agus freisin maidir le hEachtra Fuatha Neamh-Choireachta (dá ngairtear 'Eachtra Fuatha'

### *Coir Fuatha:*

Aon chion coiriúil a bhraitheann an t-íospartach nó aon duine eile, go hiomlán nó go páirteach, atá spreagtha ag naimhdeas nó claontacht, bunaithe ar aois iarbhír nó bhraite, míchumas, cine, dath, náisiúntacht, eitneachas, reiligiún, claonadh gnéis nó inscne.

### *Eachtra Fuatha:*

Aon eachtra fuatha a bhraitheann duine ar bith, go hiomlán nó go páirteach, atá spreagtha ag naimhdeas nó claontacht, bunaithe ar aois iarbhír nó bhraite, míchumas, cine, dath, náisiúntacht, eitneachas, reiligiún, claonadh gnéis nó inscne.

Is eachtraí iad seo nach bhféadfadh a bheith ina gcion coiriúil ach atá chomh díobhálach agus chomh corraitheach céanna. I measc na samplaí tá Drochíde ó Bhéal, Bulaíocht, Ábhar nó Gothaí Ionsaitheacha agus Mí-Úsáid Ar Líne. Ba chóir duit iad seo a thuairisciú don Gharda Síochána.




# CÉ ATÁ INA hÍOSPARTACH FUATHA?

D'fhéadfadh duine, pobal nó institiúid a bheith ina (h)íospartach fuatha. Má d'fhulaing tú gníomh foréigin, imeaglaithe nó naimhdeas mar gheall ar cé thú féin, b'fhéidir gur íospartach de Choireachta Fuatha tú.

Mura bhfuil tú cinnte faoi cibé í Coir/Eachtra Fuatha í an rud a tharla déan é a thuairisciú agus glacfaimid na bearta is gá.

# CÉN ÁIT A bhFÉADFAIDH EACHTRAÍ / COIREANNA FUATHA TARLÚ?

Is féidir le Coireanna / Eachtraí Fuatha tarlú áit ar bith: ar an tsráid, i siopa nó i mbeár, ag an obair, ar scoil, ar líne nó sa bhaile.

# CAD A DHÉANFAIDH AN GARDA SÍOCHÁNA?

Déileálann an Garda Síochána go stuama le Coireanna / Eachtraí Fuatha. Tabharfaimid freagra pras agus críochnúil ar gach tuarascáil a fhaighimid.

### *Coir Fuatha:*

Déanfaimid imscrúdú íogair agus measúil ar gach tuairisc maidir le Coireacht Fuath.

### *Teagmhas Fuatha:*

Déanfaimid gach Teagmhas Fuatha a thaifeadadh agus gníomhóimid, de réir mar is cuí, sna himthosca.




Tá an Straitéis reatha um Éagsúlacht agus Ionchuimsiú de chuid an Gharda Síochána ar fáil le híoslódáil i 14 theanga ar **www.garda.ie**